2020 VISION
PROTECTED SOIL & BIODIVERSITY

Plean Ceachta Tíreolaíochta don tSraith Shóisearach

Bithéagsúlacht agus Bogaigh

Nasc curaclaim

Roinn A: Gnáthóg an duine – próisis agus athrú. Aonad A1 – Dromchla an Domhain: Cumadh na Screimhe. Roinn C: Patrúin i ngníomhaíocht gheilleagrach. Aonad C1 – Gníomhaíochtaí Príomhúla Eacnamaíochta m.sh. feirmeoireacht, an Domhan ina acmhainn.

Príomhsmaoineamh

Tuiscint a fháil ar thábhacht na bithéagsúlachta laistigh de chomhthéacs na mbogach agus ról na mbogach i ngníomhaíocht an duine.

Torthaí foghlama

Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:

- Cuntas a thabhairt ar thábhacht na bithéagsúlachta laistigh de chomhthéacs na mbogach
- Tuiscint a bheith acu ar ról na bpróiseas nádúrtha m.sh. Timthriall an uisce, foirmíocht charraige .i. aolchloch, carst, an Bhoirinn (téigh siar ar charraig scagach, súmairí, turlaigh, maoschláir).
- Tuiscint a bheith acu ar an tionchar a bhíonn ag an duine ar bhogaigh idir dhearfach agus dhiúltach.
- Cur síos a dhéanamh ar na hiarrachtaí a rinneadh le déanaí chun an scéal a fheabhsú agus na hathruithe a theastaíonn lena chinntiú go mbeidh réitigh fhadtéarmacha ann chun bogaigh a chaomhnú.

PÍOSAÍ SCANNÁIN Ó ECOEYE

An Bhithéagsúlacht inár mBogaigh: Féachtar sa phíosa scannáin seo ar bhithéagsúlacht i gcomhthéacs na mbogach. Is léir má dhéantar caomhnú ar bhogaigh go mbeidh ról an-dearfach aige sin ó thaobh cháilíocht an uisce agus glantacháin, ar chleachtais feirmeoireachta agus faoiseamh ó thuilte. Is acmhainn shainiúil iad bogaigh cosúil le portaigh agus eanaigh agus feicimid na buntáistí atá le bogaigh don gheilleagar agus an obair atá ar siúl chun iad a chosaint ó thionchar ghníomhaíocht an duine cosúil leis an bhfeirmeoireacht. **Féach ar an bpíosa scannáin agus comhlánaigh na cleachtaí tuisceana.**

2020 VISION
PROTECTED SOIL & BIODIVERSITY

Cleachtadh tuisceana

Féach ar an bhfíseán uair amháin. Féach air, éist leis, dírigh air, agus bain taitneamh as. Cuir an píosa ar siúl arís (léigh na ceisteanna agus déan cinnte go dtuigeann tú na ceisteanna agus na téarmaí atá in úsáid sula dtosaíonn tú). Stop, tosaigh agus téigh siar de réir mar is gá chun na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Tá roinnt de na gnáthóga is tábhachtaí le fáil ar fheirmeacha agus ar bhogaigh fionnuisce na hÉireann. Cén contae ina bhfuil na samplaí is fearr?

_____

_____

2. Ainmnigh dhá chineál bogaigh atá in Éirinn?

a. _____

b. _____

3. An bhfuil na bogaigh sin faoi chosaint?

_____

_____

4. Tá formhór na n-eanach 'leabaithe' i dtalamh feirme. Cad a chiallaíonn sé sin dar leat?

_____

_____

_____

5. Déan cur síos ar na speicis a fhaightear in eanaigh

_____

_____

_____

_____

_____

6. Ceann de na brúnna is mó ar fad ar bhogaigh ná 'róshaibhriú de bharr cothaitheach', cé as a dtagann na cothaithigh sin?

_____

_____

_____

_____

_____

7. Cén fáth gur chóir d'fheirmeoirí bogaigh a chosaint dar leat?

_____

_____

_____

_____

_____

8. Ainmnigh dhá bhealach inar cailleadh eanaigh san Eoraip:

a. _____

b. _____

9. Déan cur síos ar thorthaí an staidéir bithéagsúlachta Biochange a rinne an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

_____

_____

_____

_____

_____

10. Cén fáth a gcuireann na torthaí sin ionadh ort?

_____

_____

_____

_____

_____

2020 VISION
PROTECTED SOIL & BIODIVERSITY

Cás-Staidéar 1: James Howard, Feirmeoir sa Bhoirinn (Tosaíonn 0.03.30)

Féach ar an bhfíseán uair amháin. Féach air, éist leis, dírigh air, agus bain taitneamh as. Cuir an píosa ar siúl arís (léigh na ceisteanna agus déan cinnte go dtuigeann tú na ceisteanna agus na téarmaí atá in úsáid sula dtosaíonn tú). Stop, tosaigh agus téigh siar de réir mar is gá chun na ceisteanna thíos a fhreagairt.

11. Coinníonn sé _____ ar a chuid talún.

a. Cad é sin?

_____

_____

b. Cén sórt cuma atá air?

_____

_____

_____

_____

_____

c. Cén fhad a mhaireann an ghné seo?

_____

_____

_____

_____

d. Conas a bhainistíonn sé a chuid ainmhithe lena gcur ar féarach ar a thalamh?

_____

_____

_____

_____

_____

12. Déan cur síos ar an gclár beathaithe atá leagtha amach mar rogha in ionad sadhlas a thabhairt ag beathaitheoirí fáinne:

_____

_____

_____

_____

13. Cén bhuntáiste a bhaineann leis na modhanna nua seo i gcomparáid le hainmhithe a bheathú le sadhlas?

_____

_____

_____

2020 VISION
PROTECTED SOIL & BIODIVERSITY

Cás-Staidéar 2: Coillearnach Fhliuch, Contae Loch Garman (Tosaíonn 0.04.53)

14. Cad atá speisialta faoin mbogach áirithe seo?

_____

_____

_____

15. Cad iad na buntáistí a bhaineann le bogaigh?

a. _____

b. _____

c. _____

d. _____

16. Déan cur síos ar na bearta atá á nglacadh sa Danmhairg chun cuidiú le bogaigh a athbhunú ansin:

_____

_____

_____

_____

17. Cén fáth nach bhfuil sé sin ag tarlú in Éirinn, dar leat?

_____

_____

_____

_____

_____

18. Luaigh dhá bhealach ina bhféadfaí feirmeoirí a spreagadh anseo chun bogaigh reatha a athbhunú/choinneáil?

a. _____

_____

_____

b. _____

_____

_____

_____

2020 VISION
PROTECTED SOIL & BIODIVERSITY

Cleachtaí Breise

Obair léarscáile

Ag obair i mbeirteanna:

- Logáil isteach ar https://maps.scoilnet.ie/Gallery/IE/index.html
- Oscail an léarscáil OSI 1:50,000 agus an t-aerfótagraf
- Pioc amach limistéir den Bhoirinn ina bhfuil gnéithe faoi leith de thírdhreach carstach m.sh.
    - Súmairí, Turlaigh, Patrúin draenála
- Scríobh síos na cúiseanna go bhfuil an lonnaíocht scaipthe sna limistéir seo.
- Pioc amach fianaise de lonnaíocht ársa ag tabhairt tagairtí eangaí 6 fhigiúr.
- Pioc amach limistéir ina bhfuil forbairt turasóireachta nó ina bhféadfaí an turasóireacht a fhorbairt, m.sh. Pluaiseanna na hAille Buí, ag tabhairt tagairtí eangaí. Tabhair cúiseanna.

Do cheantar áitiúil

- Féach ar léarscáileanna S.O. den cheantar timpeall na scoile agus pioc amach bogaigh mar aibhneacha agus lochanna. Pioc amach aon limistéir atá marcáilte mar chinn atá 'tugtha do thuilte'.
- Féach ar phatrúin na habhann / na n-aibhneacha agus cuir na léarscáileanna stairiúla i gcomparáid le cinn reatha AGUS le grianghraif chun féachaint ar an tionchar a bhíonn ag an duine ar aibhneacha agus ar shrutháin le himeacht ama – m.sh. cainéil a dhíriú, lúba lúblocha.

Déan iniúchadh ar Choiste Ramsar na hÉireann www.irishwetlands.ie

- Faigh amach cad iad na príomhaidhmeanna atá aige maidir le bogaigh mhóra agus bheaga. An féidir aon bhogaigh atá liostaithe a mheaitseáil le léarscáileanna SO agus tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh?
- Ag úsáid http://gis.epa.ie/Envision/# (inseoidh an fheidhm chabhrach seo duit conas na léarscáileanna a úsáid agus sonraí a chuardach) déan scrúdú ar an mbogach ag tabhairt tuilleadh sonraí maidir leo seo:
    - Cáilíocht an uisce, úsáid na talún
    - Comparáid le ceantair eile sa comharsanacht
- Déan iniúchadh ar chumhdach na meán maidir le bogaigh m.sh. Móin á baint ar phortaigh (féach comhad meán an EPA maidir le bogaigh).

2020 VISION
PROTECTED SOIL & BIODIVERSITY

Obair i ngrúpaí/Turais Allamuigh

Smaointe chun bogaigh a imscrúdú:

Tíreolaíocht Fhisiceach:

- Foirmíocht aolchloiche
- Gnéithe a bhaineann le réigiún carstach
- Fianaise ar léarscáileanna agus i ngrianghraif
- An tionchar ar lonnaíocht, draenáil, gníomhaíocht gheilleagrach, iompar, feirmeoireacht, lonnaíocht ársa.

Príomhghníomhaíocht gheilleagrach, Cleachtais feirmeoireachta:

- Dáileadh na feirmeoireachta
- Cleachtais feirmeoireachta
- Bogaigh leabaithe i bhfeirmeacha / iad a chothabháil/a chaomhnú.

Staidéar Bithéagsúlachta, nasctha le hEolaíocht an Teastais Shóisearaigh

- Suirbhé ar bhithéagsúlacht i limistéar bogaigh, plandaí agus ainmhithe

BÍ AR AN AIRDEALL FAOI CHÚRSAÍ SÁBHÁILTEACHTA – BA CHEART GO mBEADH A FHIOS AG DALTAÍ FAOI CHLEACHTAS SÁBHÁILTE SULA dTUGANN SIAD FAOI OBAIR ALLAMUIGH I nGAR D'UISCE!

2020 VISION
PROTECTED SOIL & BIODIVERSITY

Úsáid na naisc seo chun tuilleadh faisnéise a fháil

- www.irishwetlands.ie
- www.epa.ie
- www.conservation.ie/Habitatcons
- www.npws.ie
- http://www.npws.ie/publications/leaflets/
- www.ipcc.ie
- http://www.heritagecouncil.ie/wildlife/publications/
- http://www.antaisce.ie/naturalenvironment/NaturesWayBooklets.aspx
- http://gis.epa.ie/Envision/w
- http://water.epa.gov/type/wetlands/index.cfm
- http://www.fisheriesireland.ie/